

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Ag féachaint chun tosaigh

2021

AN tSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# Réamhrá

Tugann an feasachán seo forbhreathnú ar an doiciméad *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach*, a foilsíodh le déanaí  a dhéanann cur síos ar athfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn.

Cuimsítear sa tuarascáil seo dearcadh múinteoirí, scoláirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, compháirtithe oideachais, taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta go ginearálta, maidir leis an tSraith Shinsearach mar atá, agus tugann sé freagra air seo, i ndiaidh cúig bliana gníomhaíochta athbhreithnithe nach mór. Tugtar aitheantas do na dearcthaí éagsúla atá ann maidir leis an tslí ar féidir, nó ar cheart, an tSraith Shinsearach a athrú sna blianta amach romhainn agus leagann an tuarascáil béim ar an gcomhthuiscint shuntasach a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe. Is iad fís agus cuspóir athnuaite d'oideachas na sraithe sinsearaí atá ag croílár na comhthuisceana seo. Cuireann an cuspóir agus an fhís seo mar aon leis an tsraith prionsabal treorach bunús ar fáil don Tuarascáil Comhairleach.

Agus tú ag léamh na tuarascála féin, tugann caibidil a haon léargas soiléir duit ar an gcuspóir, fís agus na prionsabail threoracha a stiúrfaidh gach duine, a bhfuil baint acu leis an oideachas, agus an tsraith shinsearach á hathfhorbairt againn sna blianta amach romhainn. Déanann caibidil a dó cur síos ar an obair atá le déanamh ag CNCM, i gcomhpháirt le scoileanna agus páirtithe leasmhara, ar fud na dtrí phríomhréimse: Conairí agus Solúbthacht, Comhpháirteanna den Churaclam agus Measúnú, Tuairisciú agus Aistriú. Díríonn caibidil a trí ar na príomhfhachtóirí – ar a dtugtar 'coinníollacha fabhracha' – atá riachtanach chun tacú le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar deireadh, leagann caibidil a ceathair plean amach d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí thar thrí chéim agus mairfidh gach ceann díobh seo idir 12 agus 18 mí.

Agus an Tuarascáil Chomhairleach á léamh agat, feicfidh tú go gcuireann sí treoir ar fáil, a théann i dtreo Chreat don tSraith Shinsearach a fhorbairt, céim ar chéim. Déantar an obair seo ar bhealach a bhfuil meas aici ar oideachas na sraithe sinsearaí, agus na saincheisteanna a bhaineann leis seo toisc go bhfuil cuid mhór i ngeall leis. Nuair a bheidh an *tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach*, léite agat, d'fhéadfaí go mbeifeá ag iarraidh breathnú ar na foinsí a chuir eolas ar fáil don tuarascáil seo ag **https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/**


# Céard atá i ndiaidh tarlú go dtí seo?

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach go déanach in 2016 agus bhí trí chéim bainteach leis.

**Dhírigh Céim a hAon (2016 – 2017)** ar thaighde a dhéanamh maidir leis an tslí a bhfuil an tsraith shinsearach struchtúrtha go hidirnáisiúnta. Mar thoradh air seo, foilsíodh tuarascáil a rinne comparáid idir oideachas ag an dara leibhéal uachtarach in ocht ndlínse eile agus in Éirinn.

**Reáchtáladh Céim a Dó (2018 – 2019)** i scoileanna agus fuarthas tuairimí na múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí maidir leis an dearcadh a bhí acu i dtaobh chuspóir na sraithe sinsearaí. Thug sé seo an deis dúinn éisteacht leis an taithí a bhí acu ar na cláir agus conairí atá ann sa tsraith shinsearach, agus fáil amach céard iad na hathruithe nó leasuithe ba mhian leo a fheiceáil ag an gcéim seo den oideachas. Ansin, rinne ESRI anailísiú neamhspléach ar an aiseolas ón athbhreithniú. Le linn chéim a dó, tugadh deiseanna do mhúinteoirí, ceannairí scoile, scoláirí, tuismitheoirí, agus páirtithe leasmhara teacht le chéile trí shraith de sheimineáir ar fud na tíre, chun tuilleadh plé a dhéanamh ar na smaointe a bhí ag teacht chun cinn agus chun an comhrá a oscailt amach do phobal níos leithne. Ansin foilsíodh tuarascáil eatramhach, a léirigh na téamaí a bhí ag teacht chun cinn, chomh maith leis na réimsí ar cheart tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu. Anuas air seo, tugadh cuireadh don OECD an próiseas athbhreithnithe féin a mheas. Thug foireann OECD cuairt ar scoileanna, d'fhreastal siad ar sheimineáir agus bhuail siad le páirtithe leasmhara chun a dtuairimí ar oideachas na sraithe sinsearaí agus ar an bpróiseas athbhreithnithe a chloisteáil. Chabhraigh measúnú an OECD linn bonn eolais a chur faoi chéim a trí den phróiseas.

**Dhírigh Céim a Trí (2019)** ar thuilleadh comhairliúcháin. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, páirtithe leasmhara agus don phobal mór an Tuarascáil Eatramhach a léamh agus a dtuairimí a thabhairt uirthi. Ghlac rannpháirtithe páirt sa chomhairliúchán seo ar go leor bealaí, trí ghrúpaí fócais náisiúnta, aighneachtaí scríofa agus/nó suirbhé ar líne. Bhí sraith cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara san oideachas ann freisin. Rinneadh anailís ar na torthaí agus foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán i mí na Nollag 2019. Cuireadh tús leis an obair ar an Tuarascáil Chomhairleach ag úsáid an aiseolais a fuarthas ón athbhreithniú go dtí sin trasna na dtrí chéim. Cé go raibh roinnt moilleanna ann de bharr phaindéim Covid 19, leagann an tuarascáil seo bealach chun cinn amach maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí in Éirinn. Taispeáintear sa ghrafaic ar an gcéad leathanach eile na céimeanna éagsúla agus an t-amlíne a bhí ann don athbhreithniú ar an tsraith shinsearach.



# Cuspóir, fís agus prionsabail don tsraith shinsearach

Leagann Caibidil a hAon sa Tuarascáil Chomhairleach an chuspóir, fís agus na prionsabail threoracha atá mar bhunús d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Leagann an chaibidil seo béim ar thábhacht fhorbairt chomhtháite an eolais, scileanna, luachanna agus meonta le linn na sraithe sinsearaí. Léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le réimse leathan modhanna a úsáid maidir le múineadh, foghlaim agus measúnú, chun tacú le foghlaim na scoláirí le linn oideachas na sraithe sinsearaí. Tabharfaidh an cuspóir, an fhís agus na prionsabail a achoimrítear sa chaibidil seo treoir d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn.

## Cuspóir na sraithe sinsearaí

Le linn an athbhreithnithe, díríodh go mór ar chuspóir ginearálta an oideachais agus ar chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí go sonrach. Is iad seo a leanas torthaí an athbhreithnithe maidir leis an rud ba cheart d'oideachas na sraithe sinsearaí a dhéanamh:

- leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine
- cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite
- freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair sa scoil agus sa tsochaí níos leithne
- cabhrú leis an scoláire deiseanna éagsúla a fháil amach anseo ach bonn láidir a chur faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht; agus rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta agus sa saol fásta.


## Fís don tsraith shinsearach

Cruthaíonn an Tuarascáil Chomhairleach fís don bhealach ar féidir leis an tsraith shinsearach athfhorbartha cur le fás agus aibíocht an scoláire, lena fhorbairt intleachtúil, shóisialta agus phearsanta agus lena shláinte agus fholláine go ginearálta. Tacóidh an tsolúbthacht chun conairí éagsúla a chruthú don tsraith shinsearach, i scoileanna, suíomhanna oideachais, agus suíomhanna foghlama eile mar aon le, níos mó deiseanna don fhoghlaim leathan agus don speisialtóireacht linn chun an fhís seo a chur i gcrích.

## Na prionsabal theoracha

Tugtar breac-chuntas ar ocht bprionsabal threoracha a d'eascair ón bplé a bhí againn le linn an athbhreitnithe maidir leis na rudaí is mó luacha dúinn sa tsraith shinsearach, an cuspóir a bhaineann leis an gcéim seo den oideachas agus an fhís dó. Is é mar aidhm ag na prionsabail seo, (a leagtar amach ar an gcéad leathanach eile), ná an taithí a fheabhsú do gach duine a thugann faoin tsraith shinsearach. Beidh na prionsabail seo ina dtreoir do gach páirtí leasmhar a bhfuil lámh aige in athfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn.







Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcuspóir, fís agus na prionsabail threoracha don tsraith shinsearach i gCaibidil 1 den *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach*: *Tuarascáil Chomhairleach*. Is féidir é a léamh ar líne ar ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach

# An fhís don tsraith shinsearach a bhaint amach

'An Fhís a Bhaint Amach' atá mar theideal ar Chaibidil a Dó sa Tuarascáil Chomhairleach. Pléitear trí phríomhghné, a dteastaíonn athfhorbairt uathu – Conairí agus Solúbthacht, Comhpháirteanna den Churaclam agus Measúnú, Tuairisciú agus Aistriú. Tugtar achoimre ar na torthaí a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe, chomh maith leis na réimsí ar measadh go raibh níos mó taighde agus forbartha ag teastáil uathu. Déanann an tuarascáil cur síos maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist i sraith shinsearach athfhorbartha, agus an obair a mholtar a dhéanfar i gcomhpháirt le scoileanna agus páirtithe leasmhara chun é sin a bhaint amach. Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo i gCaibidil a Dó den *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach*. Is féidir é a léamh ar líne ar ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach

## Conairí agus solúbthacht


Aithníodh go raibh gá le le solúbthacht mhéadaithe agus tuilleadh roghanna do scoláirí le sraith shinsearach níos comhtháite agus conairí níos fearr a chur ar fáil. I measc na réimsí gníomhartha le haghaidh athfhorbartha, mar fhreagairt ar an ngá seo, tá sraith modúl a fhorbairt don scoláire sa tsraith shinsearach a leanann Clár Foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach; agus iniúchadh ar an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta chun gnéithe de na cláir seo a mheas ionas go bhféadfaí iad a úsáid mar chuid de na conairí sa tsraith shinsearach. Déanfar tuilleadh taighde agus forbrófar tograí maidir le réimse conairí foghlama éagsúla a chuireann le forbairtí comhreathacha in earnáil an Bhreisoideachais, na hOiliúna agus an Ardoideachais. Déanfar obair le scoileanna chun roghanna níos solúbtha a fhiosrú, lena n-áirítear bealaí chun cúrsaí foghlama in ábhair agus modúil a chur le chéile ar réimse bealaí, chomh maith leis an bhféidearthacht atá ann foghlaim as an láthair, agus foghlaim chumaisc/ar líne a úsáid chun cur le solúbthacht bhreisithe.




## Comhpháirteanna den churaclam

Chuir aiseolas ó na rannpháirtithe le linn an athbhreithnithe béim ar an ngá le haghaidh athbhreithniú na gcomhpháirteanna den churaclam chun teacht le riachtanais gach scoláire agus chun cabhrú le forbairt leanúnach chomhtháite an eolais, scileanna, luachanna agus meonta le linn na sraithe sinsearaí.

I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, mar fhreagairt ar an ngá seo, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – idir ábhair agus mhodúil – agus an gá atá le comhpháirteanna nua den churaclam a mheas. Forbrófar clár le haghaidh athbhreithniú agus forbairt na gcomhpháirteanna seo agus cuirfidh sé seo eolas ar eolas maidir le dearadh shonraíocht an churaclaim amach anseo, chomh maith leis na treoracha a ghabhann leis agus ábhair eiseamláirithe. Thug aiseolas le linn an athbhreithnithe le fios chomh maith go raibh tuilleadh taighde ag teastáil chun comhairle a chur ar fáil maidir leis an tslí is fearr chun 'foghlaim don saol' a chur isteach i gcuraclam na sraithe sinsearaí.




# Coinníollacha fabhracha

## Measúnú, tuairisciú agus aistriú

Léiríodh go leor spéise agus dearcthaí éagsúla maidir leis an measúnú, tuairisciú agus aistriú le linn an athbhreithnithe. Bhí aitheantas ar thacaíocht agus muinín an phobail maidir leis an modh reatha seachtrach atá ann don mheasúnú. Anuas air sin, chonacthas mar chuid den athbhreithniú gur measadh go forleathan go bhfuil na socruithe reatha measúnaithe teoranta agus go bhfuil an iomarca béime curtha ar thréimhse scrúdaithe trí seachtaine i mí an Mheithimh. Moladh gur cheart cuimhneamh ar chur chuige níos leithne maidir le measúnú agus tuairisciú. Bhí comhaontú láidir ann gur cheart don tsraith shinsearach tacú le gach scoláire agus iad ag aistriú ón tsraith shinsearach go dtí ardoideachas, breisoideachas, oideachas do dhaoine fásta, printíseachtaí agus saol na hoibre.

I measc na ngníomhartha sa Tuarascáil Chomhairleach, atá mar fhreagairt ar an aiseolas seo, tá iniúchadh ar shocruithe maidir le measúnú agus tuairisciú sa tsraith shinsearach trasna na gceithre chlár; taighde maidir leis an ualú agus an t-am a thugtar do chomhpháirteanna breise measúnaithe agus taighde maidir le féidearthachtaí teicneolaíochta a thacóidh chun comhleanúnachas agus solúbthacht níos fearr a bhaint amach maidir le measúnú agus tuairisciú. Beidh fócas ag teastáil ar aistriú, agus ar chinnte a dhéanamh de go dtugann an tsraith shinsearach bunús láidir don aistriú chuig réimse d'fhéidearthachtaí éagsúla. Beidh an comhoibriú le gach páirtí leasmhar, a bhfuil lámh aige sa chéim seo den oideachas agus sna haistrithe seo ag croílár na hathfhorbartha.







Tugann Caibidil a Trí sa Tuarascáil Chomhairleach breac-chuntas ar na príomhfhachtóirí – ar a dtugtar 'coinníollacha fabhracha' – a thacóidh le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ionas go n-oibreoidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí, beidh gá le gníomh comhbheartaithe agus rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara ar fad i saol an oideachais. Ní mór do chách, a bhfuil lámh aige ann, leanúint de smaointe a ghiniúint agus acmhainn an athraithe a fhorbairt.

Aithníodh iad seo le linn an athbhreithnithe, agus eolas á fháil maidir le gach a foghlaimíodh in Éirinn ó athchóirithe ar an oideachas roimhe seo agus ón obair a rinneamar le OECD. Leanfar ar aghaidh ag foghlaim ón taighde maidir le forfheidhmiú an Chreata don tSraith Shóisearach.


Áirítear sna hocht bpríomhfhachtóir seo: cuspóir, fís agus prionsabail chomhroinnte; úsáid leantach taighde, sonraí agus faisnéise; fócas láidir ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, pleanáil agus comhoibriú ar fud réimse leathan scoileanna agus eagraíochtaí; cumarsáid éifeachtach; acmhainní a dhaingniú; tráthúlacht agus luas tomhaiste athraithe; soláthar tacaíochta agus foghlama gairmiúla feabhsaithe; agus ailíniú beartas comhlántach.




Is féidir tuilleadh machnaimh ar gach ceann díobh seo a fháil i gCaibidil a Trí den Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach. Is féidir é a léamh ar líne ar **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**

# An tsraith shinsearach a athfhorbairt

Leagtar plean amach i gcaibidil dheireanach na tuarascála chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt i dtrí chéim a mbeidh cuspóirí cosúla iontu agus a thógfaidh ar a chéile. Díreoidh an obair athfhorbartha seo ar an tsraith shinsearach a fheabhsú do na glúnta scoláirí amach anseo. Déanfaidh Céim a hAon den athfhorbairt an curaclam agus na socruithe measúnaithe is oiriúnaí don tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint. Déanfaidh Céim a Dó conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint agus a fhorbairt. Cuirfidh Céim a Trí le hobair na gcéimeanna roimhe agus foilseofar Creat don tSraith Shinsearach i ndiaidh na céime seo. Agus muid ag tógáil ar an bpróiseas a úsáideadh san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, beidh páirtithe leasmhara agus scoileanna lárnach tríd an bpróiseas seo ar fad.




## Céim a hAon den Athfhorbairt

Tosóidh an chéim seo le hiniúchadh ar chomhpháirteanna den churaclam agus ar nósanna imeachta maidir le measúnú agus tuairisciú laistigh de chláir reatha na sraithe sinsearaí, agus is iad torthaí an athbhreithnithe a chuirfidh bonn eolais faoin iniúchadh seo.

Cuirfidh an t-iniúchadh seo bonn eolais faoi chuid mhór den obair sa chéim seo agus sna céimeanna ina dhiaidh seo. Mar shampla, soiléireoidh sé na himpleachtaí a bhaineann le himfhálú chlár na Ardteistiméireachta Feidhmí a bhaint agus aithneoidh sé na gnéithe is éifeachtaí de chláir reatha na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear an Idirbhliain agus aimseoidh sé na rudaí ba cheart a thabhairt isteach i gconairí na sraithe sinsearaí athfhorbartha.

Déanfar taighde ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta, agus an chaoi ar féidir iad a leabú laistigh de churaclam na sraithe sinsearaí. Cuirfear tús le taighde ar chomhpháirteanna measúnuithe breise, ualú agus sceideal measúnuithe in éineacht le taighde ar shocruithe tuairiscithe. Déanfar fiosrú ar an bhfoghlaim ar líne, ar an bhfoghlaim chumaisc agus ar an bhfoghlaim lasmuigh den scoil, agus an fhéidearthacht a bhaineann le teicneolaíocht chun tacú leis an bhfoghlaim, measúnú agus teastasú.

## Céim a Dó den Athfhorbairt

Áireofar le Céim a Dó iniúchadh ar chonairí solúbtha agus déanfar an dóigh ar féidir ábhair agus modúil éagsúla a chur le chéile agus a chur sa tsraith shinsearach athfhorbartha a mheas. Is dócha gurb iad na príomhghníomhaíochtaí a bheidh san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh, ná breathnú ar chonairí ón scoil go dtí an Breisoideachas agus Oiliúint, modúil bhlaiste printíseachtaí a fhorbairt agus modúil a bhféadfaí a bheith ina gcuid chomhtháite de chláir sa tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint agus a fhorbairt.

Déanfar machnamh ar impleachtaí conairí solúbtha nua do scoileanna agus do scoláirí le linn Chéim a Dó, agus fócas ar chruthú aistriú níos stuama chuig réimse leathan foghlama i ndiaidh na scoile, lena n-áirítear ardoideachas, breisoideachas, oideachas do dhaoine fásta, printíseachtaí agus saol na hoibre.

## Céim a Trí den Athfhorbairt

Cuirfidh Céim a Trí den athfhorbairt leis an obair a rinneadh i gCéim a hAon agus i gCéim a Dó agus foilseofar Creat don tSraith Shinsearach mar thoradh air. Beidh fócas na hoibre seo dírithe ar chomhleanúnachas sa churaclam agus socruithe maidir le measúnú, teastasú, aistriú agus tuairisciú a chinntiú i sraith shinsearach athfhorbartha.

Cuimseoidh an rannpháirtíocht chomhoibríoch le páirtithe leasmhara obair dhlúth a dhéanamh le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile. Mar chuid de seo beidh gá na coinníollacha fabhracha a bhféadfaidh tacú le taithí na scoláirí agus na múinteoirí i sraith shinsearach athfhorbartha a mheas agus a phleanáil. Agus tacóidh seo chun na pleananna forbartha a chur le chéile chun Creat don tSraith Shinsearach a thabhairt isteach. Déanfaidh an creat seo achoimre ar an tsraith shinsearach athfhorbartha a fhéadfaidh an cuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha don chéim seo den oideachas a bhaint amach.

Foilseofar torthaí ó gach céim mar a théann an athfhorbairt ar aghaidh. Tacóidh sé seo leis an bplé agus díospóireacht sula gcuirfear an Creat don tSraith Shinsearach i gcrích. Is féidir tuilleadh sonraí maidir le gach ceann de na céimeanna athfhorbartha seo a fháil i gCaibidil a Ceathair den Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach. Is féidir é a léamh ar líne ar ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach





**Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a bhí páirteach san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ó bhí 2016 ann. Leanfaimid ar aghaidh ag éisteacht le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara san oideachas, agus gheobhaidh muid comhairle uathu agus an obair thábhachtach seo á cur chun cinn againn chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt.**

# Foilseachán agus turascálachta

Tugann an liosta foilseachán agus tuarascálacha seo forbhreathnú ar an obair a dhéantar ar fud chéimeanna an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach. Chun liosta iomlán na bhfoilseachán a fháil, féach *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach*. Is féidir é a léamh ar líne ar ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach

## Céim 1: An scóip a mheas agus taighde idirnáisiúnta (2016/2017)

Deimhníodh na réimsí le fiosrú san athbhreithniú. Rinneadh taighde san oideachas dara leibhéal uachtarach in ocht ndlínse eile agus in Éirinn agus foilsíodh tuarascáil a tháinig chun cinn ón staidéar comparáideach seo.
**Léigh tuilleadh:** **Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions Overview Report** (CNCM, 2018).

## Céim 2: Athbhreithniú scoile agus sraith seimineár náisiúnta (2018/2019)

Ghlac múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ó shampla ionadaíoch de scoileanna ar fud na tíre páirt in athbhreithniú ar conairí agus cláir reatha na sraithe sinsearaí. Rinne ESRI an t-aiseolas ón athbhreithniú seo a anailísiú agus rinne sí tuarascáil air.
**Léigh tuilleadh:** **Student, Teacher and Parent perspectives on senior cycle education** (ESRI, 2019).

Rinneadh anailísiú ansin ar an aiseolas ón athbhreithniú go dtí sin agus sainaithníodh téamaí a tháinig chun cinn agus réimsí le haghaidh fiosrú breise. Cuireadh tuarascáil eatramhach le chéile chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán poiblí.
**Léigh tuilleadh:** **Tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí** (CNCM, 2019).
Rinne comhairleoirí beartas oideachais OECD measúnú ar phróiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach.
**Léigh tuilleadh:** **Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach in Éirinn: Measúnú OECD** (OECD, 2020).

## Céim 3: Comhairliúchán poiblí agus tuarascáil chomhairleach (2019/2020)

Cuireadh cáipéis chomhairliúcháin le chéile, ina ndearnadh achoimre ar réimsí le haghaidh fiosrú breise a tháinig chun cinn ón athbhreithniú chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán poiblí. Rinneadh anailís orthu agus foilsíodh tuarascáil chomhairliúcháin.
**Léigh tuilleadh:** **Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Chomhairliúcháin** (CNCM, 2019).
**Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairliúcháin** (CNCM, 2019).

Cloídh le treoirlínte sláinte poiblí agus na híomhánna san fhoilseachán seo á n-ullmhú.